

AMHRÁN AN TSIONNAIGH.

Sionnach a bhí ina chomhairleach ar na bólaigh (tá na bólaigh agus bé catha i naice a chéile)

An Sionnach:

Maidin luain cingcise an dara lá den tsaoire
nach mise a bhí go haoibhinn ins na gleannta
mo bholg as mo chionn a'm is mé ag tosú ag déanamh aoibhean
'srud ab annamh liom a dhéanamh, Ní raibh mé ag áirdeall.
Ach an Breathnach bhí sé fealltamhail, is ba mhinic le na dhream é,
's nár bhuanaidh Dia san áit é, an sgéalaidhe,
chuir sé orm fáisnéis agus seilg ó Rí láidir
Nó gur ghiorruigh sé mo cháirde as an saoghal seo.

Eirigh Amach.

Sionnach bocht gan mísg mé a tháinig ar mo dhídean,
'snárbh olc an ceart mé a dhíbirt as m'árus,
níor mharbhuigeas uan ná caora, mionnáinín na miúseach,
snár mhaith an comharsa shaolta libh ann mé,
chinn mise lom láidir ar Mharcus is ar Phádraic
is ar a gcuid confairt is madraí fré chéile
nó go dtáinig mé ar mo dhídean ag Tomás Mhac Con Fhaola
's, an gadaidhe, b'olc an chara dom ann é.

Tomás Mac Con Fhaola (ag cainnt):

Tá an sionnach úd ag éirighe agus feicthear é ina thaidhbhse
's tháinig sé ina saghad orm is na gleannta
chuir mé as ucht Chríost air, céard a chas arís é,
ar breitheamnas airighe nó faoistin fallsa

An Sionnach (Ag cainnt):

Eist, a Mhic Con Fhaola, ní bhaineann mo sgéal daor duit,
Tá mise in-impidhe an –chráidthe.
An fear atá i locha bhuidhe amuich goma choinneáil ar mo shaothrú
mé thléismint ag dhul chun dligheadh (v) chuile lá leis.
Déanfaidh mise m'ughachta agus socróchaidh mé mo chnntas
a bhfuil isteach ó Úirid go dtí an Ábhach Glionnán, Seanac Domhnaill, bí catha is na
Bólaigh,
agus mise a bhí mo comhairleach ar an méad sin.

(Eirigh amach)

Ach mo thruaigh mo dhá pháiste atá ag imtheacht anois go fánach
ar fud cnuic is gleannta gan chúdach
's an mead úd a bhí cruinn a'm
gur fhan sé i locha bhuidhe uaim
is ar thiobóid a bhí mo saothrú fré chéile.

'Sé tiobóid atá go suaimhneach is níl uireasbha den tsaoghal air
'sgo gcaillfeadh sé dhá phinginn liom
ná go gcuirfeadh sé síos fóidín ar mo thórramh
tá mo chuid airgid mhóir go fairsing ina phóca
mealladh na mban óg is dá mbréagadh
ní thiocfaidh doma chaoineadh, dhoma chrapadh ní dhoma shíneadh,
s ní iomchrochaidh sé taobh demo cróchas
ach nach olc an ceart sa tír mo chuid a bheith uile cruinn aige
s nach gcuirfeadh sé orm bráithlín ná cómhna.

11.8. 1931